**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*
**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí**
*Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.N37TP65*

**S88/24**

FÓGRA TÁBHACHTACH MAIDIR LE BÉALTRIALACHA SA GHAEILGE AGUS SNA NUATHEANGACHA IASACHTA D'ARDTEISTIMÉIREACHT 2025

**CHUIG BOIRD BAINISTÍOCHTA/ÚDARÁIS BAINISTÍOCHTA IAR-BHUNSCOILEANNA AGUS EINTITIS EILE ATÁ AITHEANTA AG CSS LE SCRÚDUITHE NA HARDTEISTIMÉIREACHTA BUNAITHE A REÁCHTÁIL**

## 1. Cuspóir an Chiorcláin

Is é is cuspóir don chiorclán seo:

- A chur in iúl go mbeidh Béaltrialacha Ardteistiméireachta 2025 sa Ghaeilge agus sna Nuatheangacha Iasachta ar siúl sa chéad seachtain de laethanta saoire na Cásca.
- Roinnt réamheolais a chur ar fáil ar na socruithe le haghaidh na mBéaltrialacha.
- Eolas a chur ar fáil maidir le hearcú scrúdaitheoirí Béaltrialacha agus cabhair a lorg ó scoileanna le hearcú scrúdaitheoirí.
- Breac-chuntas a thabhairt ar na socruithe teagmhais a chuirfear i bhfeidhm mura mbeidh dóthain scrúdaitheoirí ar fáil chun tabhairt faoi na scrúduithe de réir an sceidil.
- Breac-chuntas a thabhairt ar na tacaíochtaí breise a bheidh ar fáil do na scoileanna, ina measc laethanta cuiditheora scrúduithe chun tacaíocht Thréadach a chur ar fáil do na hiarrthóirí.

## 2. Sceideal na mBealtrialacha in 2025

Déanfaidh scrúdaitheoirí a cheapfaidh CSS na Béaltrialacha sa Ghaeilge agus sna Nuatheangacha Iasachta in 2025 i scoileanna go luath i dtréimhse laethanta saoire na Cásca, ó **Dé Sathairn, 12 Aibreán go dtí Déardaoin, 17 Aibreán, an dá lá san áireamh**. Féadaimid a dhearbhú go mbeidh na Béaltrialacha in 2026 agus 2027 ar bun faoin socrú céanna, agus go ndéanfar athbhreithniú eile ina dhiaidh sin.

## 3. An réasúnaíocht is bun leis an gcinneadh faoin tráth bliana seo don sceideal sin.

Mar chuid dá fógra ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí i mí an Mhárta 2022, d'fhógair an tAire Oideachais Norma Foley T.D. go raibh sé ar intinn aici go reáchtálfaí na Béaltrialacha sa

Ghaeilge agus sna Nuatheangacha Iasachta sa chéad seachtain de laethanta saoire na Cásca chun an cur isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim a tharlaíonn má bhíonn na Béaltrialacha ar siúl i rith am téarma a laghdú. D'iarr an tAire ar CSS athbhreithniú a dhéanamh ar an tráth bliana a reáchtáiltear na Béaltrialacha agus comhairle a sholáthar dá Roinn maidir le sceidil na mBéaltrialacha amach anseo.

Tá meastóireacht déanta ag CSS ar an tráth bliana a reáchtáiltear na Béaltrialacha ionas go gcuirfear an chomhairle is fearr ar an Aire faoin sceideal san am atá le teacht. I measc na n-ionchur i gcomhairle CSS ar an gceist chasta seo bhí machnamh ar an seasamh stairiúil, an tionchar a d'imir na hathruithe le deireanaí ar an tráth bliana a reáchtáiltear na Béaltrialacha, agus an taighde do CSS a rinne Scoil an Oideachais in Ollscoil na Gaillimhe. Bhí leas na n-iarrthóirí chun tosaigh le linn an athbhreithnithe seo, chomh maith le mian a chinntiú go ndéanann an córas soláthar ar reáchtáil na mBéaltrialacha ar bhealach a thugann cothrom na Féinne do chách.

Tá machnamh cúramach déanta ag CSS ar an mbealach is fearr leis an gcomhairle seo a chur i bhfeidhm, agus aird ar na dúshláin agus na deacrachtaí a bhaineann leis an tráth bliana a reáchtáiltear na Béaltrialacha, na torthaí ar an obair thaighde, chomh maith leis an taithí a bhain leis na Béaltrialacha a reáchtáil le linn am téarma agus le linn laethanta saoire na Cásca le blianta beaga anuas. Faoi dheiridh, measaimid gur chun leas na n-iarrthóirí é a laghad cur isteach agus is féidir ar a dteagasc agus a bhfoghlaim, agus a mhéad dearbhaithe agus is féidir go bhféadann CSS scrúduithe agus measúnú a reáchtáil laistigh de na tréimhsí ama foilsithe.

Is é dearcadh meáite CSS ag an am seo gur cheart leanúint le Béaltrialacha na hArdteistiméireachta a reáchtáil le linn laethanta saoire na Cásca faoin tsamhail ama chéanna agus a bhí ann in 2022 go 2024, do na chéad trí bliana eile go dtí scoilbhliain 2026/2027, agus gur cheart athbhreithniú a dhéanamh air sin i ndiaidh scrúduithe 2027. Ghlac an tAire leis an gcomhairle sin.

Má choimeádtar leis an sceideal seo faoi Cháisc do na chéad trí bliana eile, tabharfar cinnteacht do thrí chohórt d'iarrthóirí Ardteistiméireachta faoin tráth bliana a reáchtálfar a gcuid scrúduithe agus tabharfaidh sé seasmhacht don chóras scoile maidir lena bpleanáil do na blianta amach romhainn.

**4. Pointí Tábhachtacha**

- Beidh an tsamhail reáchtála le haghaidh 2025 mar an gcéanna leis an tsamhail a úsáideadh do na Béaltrialacha in 2024.
- Beidh na comhdhálacha oiliúna do scrúdaitheoirí le haghaidh Bhéaltrialacha 2025 ar siúl fós i rith am scoile agus tá freastal ar na comhdhálacha sin éigeantach; tabhair ar d'aird mar sin go bhfuil ionadaíocht íoctha ar fáil don neamhláithreacht sin agus neamhláithreachtaí eile a bhaineann le scrúduithe.
- De bharr go mbeidh na scrúduithe ar siúl sa chéad seachtain de laethanta saoire na Cásca, cuirfear teorainn le neamhláithreachtaí múinteoirí ón scoil (i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le hionadaithe a fháil faoi láthair). Ina theannta sin, cabhraíonn

sé leis an gcur isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim i scoileanna a laghdú a oiread agus is féidir, go háirithe i gcás na n-iarrthóirí sin atá ag ullmhú dá gcuid scrúduithe.

- Beidh reáchtáil na mBéaltrialacha faoi Cháisc ag brath ar CSS ag fáil dóthain iarratas ó mhúinteoirí le haghaidh róil ar na foirne scrúdaithe. Mura bhfaightear dóthain iarratas, forbróidh CSS socruithe teagmhais de réir mar is gá.
- Féachfaidh CSS le tús áite a thabhairt do na scrúduithe sna scoileanna sin ina bhfuil múinteoirí ag feidhmiú mar scrúdaitheoirí seachtracha.
- Iarrtar ar scoileanna a chinntiú go ndéanfar aon socruithe teagmhais a theastóidh, a bhféadfadh scrúduithe moillithe a bheith i gceist leo, a chur in iúl go soiléir d'iarrthóirí agus do thuismitheoirí a luaithe agus is féidir. Má bhíonn gá lena leithéid, déanfaidh CSS teagmháil le scoileanna faoi.
- Toisc go mbeidh na scrúduithe seo ar siúl sa chéad seachtain de laethanta saoire na Cásca, beidh briseadh deich lá as a chéile ón scoil ag scrúdaitheoirí, iarrthóirí agus foirne scoile nuair a bheidh na scrúduithe thart.
- Mar a tharla in 2024, mar aitheantas ar an ualach oibre athraithe a bhaineann leis an tsamhail reáchtála seo faoi Cháisc, beidh ocht lá Cuiditheora Scrúduithe sa bhreis ar fáil do scoileanna ina bhfuil 120 iarrthóir Ardteistiméireachta nó níos lú, agus beidh deich lá ar fáil do na scoileanna ina bhfuil níos mó ná 120 iarrthóir Ardteistiméireachta.
- Beidh cúig lá bhreise Cuiditheora Scrúduithe ar fáil do gach scoil ionas go mbeidh údaráis na scoile in ann ball foirne a cheapadh, anuas ar Chuiditheoir Scrúduithe a cheapadh, chun tacaíocht thréadach a chur ar fáil d'iarrthóirí agus chun a chinntiú go bhfreastalóidh siad ar na Béaltrialacha i rith laethanta saoire na Cásca. Is ionann an socrú seo agus an ceann a bhí i bhfeidhm in 2024.
- Tá sceideal na ndátaí ábhartha le haghaidh 2025 in Aguisín 1.
- Tá sé i gceist ag CSS an tráthchlár mionsonraithe do Scrúduithe Scríofa 2025 agus sceideal na ndátaí do na Béaltrialacha agus na Scrúduithe Praiticiúla a fhoilsiú roimh laethanta saoire na Nollag.

## 5. Forbhreathnú ar Shamhail Reáchtála 2025

Reáchtálfar Béaltrialacha sa Ghaeilge, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis, Seapáinis, Rúisis, Mandairínis, Polainnis, Liotuáinis agus Portaingéilis le haghaidh Ardteistiméireacht 2025.

Reáchtálfar na Béaltrialacha sna hábhair sin in imeacht sé lá, ag tosú ar Dé Sathairn, 12 Aibreán agus ag críochnú ar Déardaoin, 17 Aibreán 2025. Ní bhaineann an ciorclán seo leis na Béaltrialacha san Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

Beidh na scrúduithe á reáchtáil ag scrúdaitheoirí a cheapfaidh, a earcóidh agus a shannfaidh CSS ar scoileanna.

Faoi na socruithe traidisiúnta (roimh 2022), ní bheadh an Bhéaltriail sa Ghaeilge agus na Béaltrialacha sna Nuatheangacha Iasachta ag iarrthóirí sa tseachtain chéanna (cé go bhféadfadh níos mó ná Béaltriail amháin sna Nuatheangacha Iasachta a bheith acu sa tréimhse cúig lá chéanna).

Caithfidh na húdaráis scoile (.i. an príomhoide nó an t-ionadaí a údaraítear don obair seo) aird faoi leith a thabhairt ar sceidealú iarrthóirí sa scoil chun a n-ábhair ar leith a chur san áireamh. Iarrtar ar na húdaráis scoile smaoineamh ar na héilimh a bheidh ar na hiarrthóirí agus gan Béaltrialacha éagsúla a chur ar siúl an lá céanna a oiread agus is féidir.

Beidh na laethanta ar fad ó Dé Sathairn go Déardaoin, agus an dá lá sin san áireamh, ar fáil chun na scrúduithe seo a sceidealú. Ag obair i dteannta le CSS agus leis na scrúdaitheoirí a shannfar don scoil, agus ag brath ar scrúdaitheoirí a bheith ar fáil, d'fhéadfadh roinnt solúbthachta a bheith ag scoileanna má bhíonn lá ar leith i rith na sé lá nach féidir scrúduithe a chur ar siúl i ngeall ar riachtanais áitiúla. Má roghnaítear gan na sé lá iomlána a úsáid, áfach, iarrfar ar scoileanna a bheith airdeallach ar thionchar an sceidealaithe ar iarrthóirí, agus ar an tionchar a bheidh orthu siúd atá at tabhairt faoi níos mó ná ábhar teanga amháin go háirithe. Dá mhéad scrúdaitheoirí a bheidh againn, is é is dóichí go bhféadfaidh scoileanna a bheith solúbtha laistigh den tréimhse sé lá seo.

Má tharlaíonn sé nach féidir na scrúduithe ar fad a éascú sa tréimhse sé lá, socraíodh dhá lá teagmhais. Is iad Dé Máirt, 6 Bealtaine agus Dé Céadaoin, 7 Bealtaine 2025 na laethanta teagmhais sin. Déanfaidh CSS cinneadh faoi úsáid na laethanta teagmhais i gcomhar leis na scrúdaitheoirí a cheapfaidh CSS. Beidh ar CSS a bheith sásta nach bhfuil sé indéanta na scrúduithe a reáchtáil gan úsáid a bhaint as ceann den dá lá teagmhais sin, nó an dá cheann. Ní faoi na scoileanna ar leith a bheidh sé iarracht a dhéanamh scrúduithe a eagrú ar na laethanta sin ar an gcéad dul síos.

Ar mhaithe le cothrom na Féinne a chinntiú, ní bheifear in ann socruithe ar leith a dhéanamh le haghaidh iarrthóirí, grúpaí iarrthóirí ná scoileanna ar leith. Áirítear leis sin, i measc rudaí eile, imeachtaí spóirt, comórtais, turais scoile, laethanta saoire ná an cineál scoile atá i gceist.

De réir na socruithe traidisiúnta, má chailleann iarrthóirí a scrúdú Béaltrialach i rith na Cásca mar gheall ar thinneas nó mar go bhfuair gar-dhuine muinteartha leo bás, cuirfear scrúdú ar fáil dóibh níos moille i rith na seachtaine dar tús an 19 Bealtaine. Teastaíonn fianaise ar thinneas/bhás chun tacú leis an socrú sin.

**6. Earcú Scrúdaitheoirí**

Cuirfidh CSS tús le hearcú scrúdaitheoirí Béaltrialacha Ardteistiméireacht 2025 sa tseachtain amach romhainn. Cuirfidh CSS an ráta pá le haghaidh scrúdaitheoirí Béaltrialacha CSS, íocaíocht bhisigh as scrúdúchán a dhéanamh le linn laethanta saoire na Cásca, in iúl d'iarrthóirí mar chuid den phróiseas earcaíochta. Tá na rátaí sin ar fáil mar eolas duit in Aguisín 1 den chiorclán seo. Gheobhaidh na scrúdaitheoirí costais taistil agus liúntais chothabhála freisin. Cé go bhfuil níos mó i gceist leis an leas a bhaintear as scrúdúchán ná an leas airgeadais, táimid an-sásta a fhógairt go bhfuil an ráta méadaithe a cuireadh i bhfeidhm in 2023 agus 2024 ar fáil arís do scrúduithe 2025.

Tairgfidh CSS ceapacháin uathoibríocha do scrúdaitheoirí a chomhlíonann na critéir ábhartha agus a ceapadh roimhe seo in 2024. Beidh fáilte roimh iarratais nua chomh maith.

Tá CSS fíorbhuíoch as an gcomhoibriú a fhaigheann sé ó na mílte múinteoirí gach bliain chun obair thábhachtach an scrúdúcháin a dhéanamh. Is maith is eol do cheannairí scoile go bhfuil dúshlán ag baint le hearcú agus le coinneáil múinteoirí mar scrúdaitheoirí Béaltrialacha le blianta beag anuas, agus an tionchar a bhíonn ar an gcóras nuair nach mbíonn dóthain scrúdaitheoirí ann.

Tá sé mar aidhm againn líon na múinteoirí atá páirteach san obair scrúdúcháin a mhéadú go mór ionas go mbeidh taithí dhearfach acu a chuireann go mór lena n-inniúlacht ghairmiúil mar mhúinteoirí, chomh maith lena gcumas tuillimh. Táimid ag iarraidh arís ar cheannairí scoile tacú go gníomhach lenár n-iarrachtaí earcaíochta i mbliana trí fhiúntas na ról mar scrúdaitheoirí le haghaidh na Scrúduithe Stáit a chur chun cinn i measc a gcuid foirne, ina measc an fhorbairt ar cháilíocht a dteagaisc chomh maith le hinniúlacht sa mheasúnacht. Beidh cabhair agus tacaíocht ghníomhach an chórais scoile dara leibhéal á lorg ag CSS chun a chinntiú go mbeidh dóthain scrúdaitheoirí ar fáil chun na scrúduithe seo a reáchtáil in 2025. Tá súil againn, go háirithe, nach mbeidh aon bhac ar rannpháirtíocht de bharr scrúdaitheoirí a chur ar fáil le haghaidh comhdhálacha oiliúna aon lae. Tá CSS fíorbhuíoch de na páirtithe leasmhara ar fad as a gcabhair lena chinntiú gur earcaíodh dóthain scrúdaitheoirí chun scrúduithe 2024 a reáchtáil agus táimid ag súil leis an leibhéal céanna comhoibrithe do phróiseas earcaíochta scrúdaitheoirí 2025.

Faightear scrúdaitheoirí, go príomha, ó bhuíon múinteoirí a bhfuil taithí acu agus atá i mbun teagaisc faoi láthair nó atá ar scor. Is é an ceanglas is riachtanaí le haghaidh scrúdaitheoirí ná inniúlacht ábhair agus caithfidh aon phearsanra a cheaptar chun na Scrúduithe Stáit a mharcáil a bheith cáilithe mar is cuí. Roghnófar scrúdaitheoirí ar bhonn a gcuid cáilíochtaí acadúla, a dtaithí teagaisc agus a dtaithí scrúdúcháin. Beidh ar iarrthóirí nua le haghaidh na bpost seo dul faoi agallamh chun a n-inniúlacht teanga a léiriú.

## 7. Bearta Teagmhais

Má tharlaíonn nach bhfaighimid an líon scrúdaitheoirí a theastaíonn, d’fhéadfadh go mbeadh gá le socruithe teagmhais a chur i fheidhm. Dá réir sin, is liom an méid seo a leanas a chur in iúl:

- D’fhéadfadh nach mbeadh sé indéanta gach ábhar a reáchtáil i ngach scoil sa tréimhse ó Dé Sathairn, 12 Aibreán go Déardaoin, 17 Aibreán.
- D’fhéadfadh go mbeadh gá le roinnt scrúduithe a sceidealú ar na laethanta teagmhais, Dé Máirt, 6 Bealtaine agus Dé Céadaoin, 7 Bealtaine 2025.
- Mar thoradh air sin, beidh ar roinnt múinteoirí a cheapfar chun tabhairt faoin obair scrúdúcháin a bheith as láthair ón scoil ar an dá lá sin.
- Mura bhfuil sé indéanta na scrúduithe ar fad a reáchtáil Dé Máirt, 6 Bealtaine agus Dé Céadaoin, 7 Bealtaine 2025, cuirfear na scrúduithe ar siúl sa tréimhse do na Béaltrialacha malla ag tosú sa tseachtain dar tús an 19 Bealtaine.
- Má dhéantar aon athsceidealú ar scrúduithe go dtí tréimhse na mBéaltrialacha malla, beidh ar mhúinteoirí a ghlacann le ról mar scrúdaitheoirí Béaltrialacha a bheith as láthair ón scoil ar feadh cúig lá seans i mí na Bealtaine chun na dualgais sin a chlúdach.

Má bhíonn gá leis sin, déanfaidh CSS iarracht na scoileanna atá i gceist a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir; tabhair ar d'aird go bhféadfadh socruithe dá leithéid a bheith ag teastáil ar gearrfhógra. Gan dabht, bheadh díomá ar scoileanna agus ar iarrthóirí dá mbeadh gá le moill a chur lena scrúduithe mar a leagtar amach thuas. Ach más féidir dóthain scrúdaitheoirí a fháil, ní bheidh aon ghá leis na socruithe teagmhais.

**8. Tacaíocht Airgeadais le haghaidh na nÚdarás Scoile**

i. **Laethanta Cuiditheora Scrúduithe:** Tugann CSS tacaíocht airgeadais do scoileanna le haghaidh riarachán scrúduithe bliantúla na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta. Faoin scéim atá i bhfeidhm faoi láthair, tá sé de rogha ag údaráis scoile Cuiditheoir Scrúduithe a fhostú le haghaidh tréimhse 15 lá gach bliain chun cabhrú leis an bPríomhoide le linn na Scrúduithe Stáit nó chun ionadaíocht a dhéanamh go hiomlán ar an bPríomhoide mura mbíonn siad ar fáil ar chúis ar bith. Bíonn laethanta breise ar fáil freisin do scoileanna bunaithe ar líon na n-iarrthóirí scrúdaithe agus ar fhad ama an tráthchláir sa scoil sin. Tá na laethanta Cuiditheora Scrúduithe le húsáid le haghaidh na scrúduithe scríofa agus le haghaidh na gcomhpháirteanna measúnaithe a bhaineann leo. Tá sonraí ar fáil thíos faoi na laethanta breise atá le húsáid le haghaidh na scrúduithe Béaltrialacha in 2025.

   Mar a tharla in 2024, mar aitheantas ar an ualach oibre athraithe a bhaineann leis an tsamhail reáchtála seo faoi Cháisc, beidh ocht lá Cuiditheora Scrúduithe sa bhreis ar fáil do scoileanna ina bhfuil 120 iarrthóir Ardteistiméireachta nó níos lú, agus beidh deich lá ar fáil do na scoileanna ina bhfuil níos mó ná 120 iarrthóir Ardteistiméireachta.

   Tá soláthar na laethanta breise Cuiditheora Scrúduithe seo ceaptha tacú le ceannairí scoile i dtréimhse na scrúduithe ionas go laghdófar roinnt den ualach riaracháin a bhaineann le scrúduithe. Ní gá do phríomhoidí a bheith i láthair sa scoil ar na laethanta sin i rith laethanta saoire na Cásca agus tugtar cumhacht dóibh ball den fhoireann teagaisc a shannadh chun na laethanta Cuiditheora Scrúduithe a chomhlíonadh le haghaidh na scrúduithe seo.

ii. **Tacaíocht Thréadach le haghaidh Iarrthóirí.** Faoin tsamhail Cuiditheora Scrúduithe chéanna sin, tá CSS ag cur acmhainn eile a tugadh isteach in 2024 ar fáil d'údaráis scoileanna arís. Beidh cúig lá bhreise Cuiditheora Scrúduithe ar fáil do gach scoil le haghaidh scrúduithe 2025, ionas go mbeidh údaráis na scoile in ann ball foirne a cheapadh, anuas ar Chuiditheoir Scrúduithe a cheapadh, chun tacaíocht thréadach a chur ar fáil d'iarrthóirí agus chun a chinntiú go bhfreastalóidh siad ar na Béaltrialacha i rith laethanta saoire na Cásca. Cuirfear níos mó sonraí faoin acmhainn seo ar fáil in am trátha. Tá sé i gceist nach mbeadh aon bhaint ag an duine seo leis na dualgais oibriúcháin agus riaracháin a bhaineann leis na Béaltrialacha, ach go mbeidís ar fáil do scoláirí san ionad scrúduithe le linn na mBéaltrialacha. Beifear ag súil go gcuirfidh an duine a roghnaítear don ról seo iad féin in aithne do na hiarrthóirí i do scoil roimh na scrúduithe ionas go mbeidh na hiarrthóirí in ann dul i dteagmháil leo nuair is gá.

iii. **Airíochas/solas/teas/srl.:** Aisíocfaidh CSS costais bhreise réasúnta a bhaineann go sonrach le solas, teas, glanadh agus airíochas mar gheall ar na Béaltrialacha a bheith ar siúl i scoileanna i rith laethanta saoire na Cásca.

iv. **Córas Iompair:** Chun éascaíocht a dhéanamh ar fhreastal na n-iarrthóirí a bhraitheann ar an gcóras iompair scoile, iarrfar ar scoileanna seirbhísí tacsaí a eagrú le haghaidh scrúduithe i rith laethanta saoire na Cásca nuair is gá agus na costais sin a fháil ar ais ó CSS.

**9. Eolas Breise**

Eiseoidh CSS ciorclán ina mbeidh níos mó sonraí faoi na socruithe seo roimh na scrúduithe in 2025, ina measc sonraí faoi bhainistíocht na scrúduithe le linn na tréimhse sé lá i rith laethanta saoire na Cásca agus na socruithe faoin tacaíocht airgeadais atá ar fáil do scoileanna.

Idir an dá linn, ba mhór agam do chabhair chun na sonraí a bhaineann leis an socruithe seo a thabhairt ar aird fhoireann na scoile, na scoláirí, agus tuismitheoirí/caomhnóirí.

**10. Fiosrúcháin**

Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis na Béaltrialacha a chur ar ríomhphost chuig orals@examinations.ie nó ar an nguthán ar 090 6442741.

Táim fíorbhuíoch díot as ucht do thacaíochta agus do chabhrach leis na scrúduithe tábhachtacha seo.

Richard Dolan
An Stiúrthóir Oibríochtaí
Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Nollaig 2024

## Aguisín1 – Béaltrialacha Ardteistiméireachta 2025 – Rátaí agus Dátaí

### A. Rátaí Íocaíochta

Tá na rátaí pá seo a leanas ar fáil do scrúdaitheoirí Bhéaltrialacha 2025. Áirítear sna rátaí sin €6 bhreise in aghaidh na trialach a ceadaíodh den chéad uair in 2022, agus íocaíocht bhisigh thart ar €11 as na trialacha a dhéanamh faoi Cháisc. Le haghaidh 2025, méadaíodh na rátaí de réir mhéaduithe pá na hearnála poiblí toisc go mbaineann siad le rátaí pá na scrúduithe.

- Gaeilge na hArdteistiméireachta, Bonnleibhéal: **€21.31** in aghaidh an iarrthóra (ráta 2019: €7.00)
- Gach Béaltriail eile: **€28.55** in aghaidh an iarrthóra (ráta 2019: €9.38)
- Táille Socraithe Leasaithe: **€243.59** in aghaidh an cheapacháin (ráta 2019: n/bh)

Gheobhaidh na scrúdaitheoirí costais taistil agus liúntais chothabhála anuas ar an méid atá thuasluaite.

### B. Sceideal Dátaí 2025

| Imeacht | Dáta |
|---|---|
| **Dúnann na Scoileanna do Laethanta Saoire na Cásca** | Dé hAoine, 11 Aibreán |
| **Tosaíonn Béaltrialacha na hArdteistiméireachta – Lá 1** | Dé Sathairn, 12 Aibreán |
| **Laethanta Gníomhacha Scrúdúcháin** | Dé Sathairn, Dé Domhnaigh, Dé Luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin, Déardaoin |
| **Críochnaíonn Béaltrialacha na hArdteistiméireachta – Lá 6** | Déardaoin, 17 Aibreán |
| **Aoine an Chéasta** | Dé hAoine, 18 Aibreán |
| **Domhnach Cásca** | Dé Domhnaigh, 20 Aibreán |
| **Athosclaíonn na Scoileanna** | Dé Luain, 28 Aibreán |
| **Laethanta Teagmhais Bhéaltrialacha na hArdteistiméireachta** | Dé Máirt, 6 Bealtaine agus Dé Céadaoin, 7 Bealtaine 2025 |
| **Béaltrialacha Malla (tinneas/bás)** | An tseachtain dar tús an 19 Bealtaine (le deimhniú) |